**GA**

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 17.7.2009
COIM(2009) 382 leagan deireanach

2009/0105 (COD)

Togra

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a mhéid is a bhaineann le cáilitheacht an chúnaimh tithíochta do phobail imeallaithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is cuspóir don togra seo tacaíocht airgeadais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a cheadú do chúnamh tithíochta do phobail imeallaithe a bhfuil cónaí orthu sna Ballstáit a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin. Tá cónaí ar fhormhór na bpobal sin sna Ballstáit nua i limistéir thuaithe agus in ionaid dídine (i limistéir thuaithe agus uirbeacha araon) agus ní féidir leo tairbhe a bhaint as an maoiniú faoin CFRE.

Ar ndóigh, déantar foráil in Airteagal 7(2) de Rialachán CFRE[1] do cháilitheacht an chaiteachais ar thithíocht sna Ballstáit nua. Cruthaíonn an taithí a fuarthas go dtí seo, áfach, nach bhfeileann coinníollacha cáilitheachta go hiomlán do na riachtanais atá ann sna limistéir atá i gceist.

Faoi láthair, faoi na forálacha reatha CFRE, is féidir cúnamh tithíochta a thabhairt trí oibríochtaí um fhorbairt *uirbeach* agus trí *thithe atá ann cheana a athchóiriú*. Ní féidir, ar an ábhar sin, le tacaíocht do chúnamh tithíochta i limistéir thuaithe nó tacaíocht chun tithe nua a thógáil áit a bhfuil "tithe" de cháilíocht fhíor-íseal i limistéir uirbeacha nó thuaithe a bheith incháilithe faoi CFRE.

Is ag dul i méid atá imní an AE maidir le heisiamh sóisialta, lena n-áirítear staid shonrach na Romach, agus is mó agus is mó atá siad tiomanta é a chomhrac. Arís agus arís eile d'iarr Parlaimint na hEorpa[2] agus an Chomhairle[3] ar an gCoimisiún beart a dhéanamh chun cuimsiú na bpobal sin, a bhfuil easpa agus imeallú rompu, a chur chun cinn. Tá an Coimisiún tar éis gealltanas a thabhairt bearta a mholadh, faoi chuimsiú na gCistí Struchtúracha, chun coinníollacha maireachtála na bpobal sin a fheabhsú.

Leis an togra reatha chun leasú a dhéanamh ar Rialachán CFRE déantar an gealltanas seo a chur i ngníomh.

Thairis sin, ar mhaithe le simpliú, déantar mionathruithe sa togra seo ar dhréachtú Airteagal 7(2) de Rialachán CFRE maidir leis an réim faoina dtabharfar cúnamh tithíochta i limistéir uirbeacha gan na rialacha reatha cáilitheachta don AE-12 a athrú. Orthu sin tá na nithe seo a leanas:

(i) Déanann Airteagal 7(2) de Rialachán CFRE cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na critéir do roghnú limistéar agus an liosta de na cineálacha cúnaimh tithíochta atá incháilithe a shainmhíniú. D'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1828/2006. Ós rud é, áfach, go bhfuil go leor éagsúlachta ag baint le cúrsaí tithíochta sna limistéir atá i gceist, tá sé cruthaithe nach bhfuil na critéir atá leagtha síos ag an gCoimisiún iomchuí.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 397/2009, IO L 210, 31.7.2006, lch 1.

2 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2009 maidir le staid shóisialta na Romach agus rochtain níos fearr acu ar an margadh saothair san AE (2008/2137/INI).

3 Conclúidí na Comhairle maidir le cuimsiú na Romach, Lucsamburg 8 Meitheamh 2009.

Ar an ábhar sin, tá siad simplithe anois. D'fhonn simpliú Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1828/2006 atá á dhéanamh faoi láthair a chur san áireamh, tá sé beartaithe a fhoráil go mbeidh na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún roghnach agus nach mbeidh siad ina gceangal air.

ii) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na cineálacha cúnaimh tithíochta atá incháilithe (codanna comhchoiteanna d'fhoirgnimh chónaithe a athchóiriú, foirgnimh atá faoi úinéireacht phoiblí a athchóiriú agus an úsáid a bhaintear astu a athrú chun iad a iompú ina dtithíocht shóisialta) a áireamh sa Rialachán atá beartaithe.

iii) Sa deireadh, is gá foclaíocht reatha Airteagal 7(2) de Rialachán CFRE, eadhon clárófar caiteachas "faoi chuimsiú *oibríochta* comhtháite um fhorbairt uirbeach nó faoi chuimsiú *aise tosaíochta* do limistéir a mbaineann meath fisiceach agus eisiamh sóisialta leo nó atá i mbaol meatha agus eisiaimh den sórt sin", a fheabhsú. Tá sé beartaithe, ar an ábhar sin, an téarma "cur chuige comhtháite" a chur in ionad na dtéarmaí "oibríocht" agus "ais tosaíochta", rud lena gcinntítear gur cuid de chúnamh níos leithne é cúnamh tithíochta, cúnamh lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le tithíocht amhail seirbhísí sóisialta, spásanna poiblí, cultúr, oideachas, bonneagar iompair, gníomhaíochtaí eacnamaíocha an limistéir etc., is cuma cén fhoinse maoinithe atá i gceist.

- **Comhthéacs ginearálta**

Is bunriachtanas dár gcuid sochaí é fáil a bheith ag duine ar thithíocht agus bail coinníollacha tithíochta atá inghlactha do gach saoránach agus, go háirithe, do na daoine is soghonta.

Is truamhéalach iad, den chuid is mó, coinníollacha maireachtála pobal a bhfuil móreaspa agus imeallú rompu. Is cuid de phictiúr duairc iad ráta ard dífhostaíochta, leibhéal íseal oideachais, easpa scileanna, easpa seirbhísí sláinte, coiriúlacht, deighilt spásúil, eisiamh sóisialta, ciníochas agus díshealbhú, pictiúr a thagann salach ar bhunluachanna an Aontais Eorpaigh.

Is féidir le tacaíocht airgeadais na gCistí Struchtúracha rannchuidiú go suntasach le hiarrachtaí na nÚdarás Náisiúnta deireadh a chur leis an scéal doghlactha seo. Ar an ábhar sin, cuirfear ar fáil cionnroinnt freisin do chúnamh tithíochta do na pobail sin nach bhfuil incháilithe faoi láthair faoin CFRE, i.e. i) do chúnamh tithíochta nach bhfuil teoranta do limistéir uirbeacha agus ii) do chúnamh tithíochta lena gcuirtear tithe eile in ionad tithe de cháilíocht fhíor-íseal, is cuma cén limistéar atá i gceist (uirbeach nó tuaithe).

D'fhonn leithcheal nach bhfuil údar leis a sheachaint, ba cheart an Dara Bunphrionsabal maidir le Cuimsiú na Romach a bheith ina phrionsabal treorach don chúnamh atá beartaithe. Faoin bprionsabal sin ní ceart daoine eile a mbaineann cúinsí socheacnamaíocha comhchosúla[4] leo a fhágáil as an áireamh agus cúnamh atá dírithe ar na Romaigh mar an t-aon sprioc-ghrúpa amháin á thabhairt.

[4] "Tá sé thar a bheith tábhachtach díriú ar na Romaigh go háirithe, ach ní orthu amháin, i gcás tionscnamh a bhaineann le beartas cuimsithe. Is é atá i gceist leis sin díriú ar na Romaigh mar spriocghrúpa **ach gan daoine eile a mbaineann cúinsí socheacnamaíocha comhchosúla leo a fhágáil**

Ina theannta sin, níl i gcúnamh tithíochta do phobail imeallaithe a mbaineann géareaspa leo ach cuid de shaincheist chasta. Ba cheart, ar an ábhar sin, é a thabhairt faoi chuimsiú cur chuige comhtháite ilghnéitheach, a bheidh le sainmhíniú ar leibhéal náisiúnta, trí chomhpháirtíochtaí láidre agus trí ghnéithe leathana a bhaineann le hoideachas, gnóthaí sóisialta, lánpháirtiú, cultúr, sláinte, fostaíocht, slándáil etc. a chur san áireamh. Mar sin, is é is cuspóir don togra lena leasaítear Rialachán reatha CFRE bail tithíochta atá inghlactha a sholáthar, faoi chuimsiú trí chur chuige comhtháite a úsáid. Sa chomhthéacs seo, tá ról na n-údarás poiblí ag gach céim den chur chun feidhme thar a bheith tábhachtach**.**

- **Forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Ach amháin i gcás cúnaimh a bhaineann le héifeachtacht fuinnimh agus le foinsí fuinnimh in-athnuaite, a bhfuil rochtain ag gach Ballstát air, cuirtear in áirithe cúnamh san earnáil tithíochta a ngabhann tacaíocht CFRE leis do Bhallstáit a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004, nó ina dhiaidh sin, agus do na Ballstáit sin amháin, faoi na coinníollacha atá leagtha amach i mír 2 d'Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 agus Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1828/2006 ón gCoimisiún.

Mar atá mínithe thuas, ní leor na coinníollacha sin chun dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach tithíochta atá ag pobail imeallaithe. Is ceart freisin a thabhairt faoi deara go dtugann Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) cúnamh cheana san earnáil tithíochta i limistéir thuaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (e.g. Ais 3, "Mianach saoil i limistéir thuaithe agus éagsúlú an gheilleagair thuaithe" Airteagal 52(b)(ii), "Athnuachan agus forbairt sráidbhailte").

Méadófar go mór an maoiniú atá ann trí chúnamh a chur ar fáil do thithíocht do phobail imeallaithe i limistéir thuaithe, cúnamh a gheobhaidh tacaíocht ó CETFT agus CFRE agus a chuirfear ar fáil trí chur chuige comhtháite. Is féidir leis na Cistí Eorpacha Struchtúracha tacú leis an gcúnamh sin freisin. Beidh sé faoi inniúlacht na mBallstát an chomhlántacht idir Cistí a shainmhíniú, trí chur chuige ilghnéitheach, sa chaoi is go mbarrfheabhsófaí an éifeacht atá ag an sineirgíocht.

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Tá an togra i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí beartais an AE i réimsí an neamh-idirdhealaithe, na gcomhdheiseanna, an chomhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta, na forbartha réigiúnaí agus an chomhtháthaithe chríochaigh**.**

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AN MEASÚNÚ IARMHARTA

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

***Modhanna comhairliúcháin, príomhearnálacha ar díríodh orthu agus próifíl***

---

**as an áireamh (...)"**. Comhphrionsabail Bhunúsacha maidir le Cuimsiú na Romach mar a pléadh ag an gcéad chruinniú den áis Eorpach comhtháite chun cuimsiú na Romach a phlé, Aibreán 2009, atá i gceangal i gConclúidí na Comhairle maidir le cuimsiú na Romach, Lucsamburg 8 Meitheamh 2009.

*<u>ghinearálta na bhfreagróirí</u>*

**Chuathas i gcomhairle go neamhfhoirmeálta roinnt uaireanta le hÚdaráis Náisiúnta, chomh maith le hionadaithe ó phobail imeallaithe agus le Feisirí Eorpacha faoi na féidearthachtaí atá ar fáil do phobail imeallaithe faoi Airteagal 7(2) de Rialachán CFRE agus na constaicí agus na roghanna éagsúla atá ann chun iad a shárú.**

*<u>Achoimre ar fhreagraí agus an bealach ar cuireadh san áireamh iad</u>*

Bhí de thátal ar na comhairliúcháin sin ar fad nár leor réitigh bunaithe ar léiriú Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú iarmharta**

Leis an togra seo ceadaítear tacaíocht airgeadais CFRE do chúnamh tithíochta i gcásanna ina bhfuil coinníollacha maireachtála na bpobal imeallaithe fíor-íseal agus ina bhfuil an leibhéal eisiaimh shóisialta an-ard. Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh gan an creat rialúcháin atá ann cheana a athrú.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomh atá molta**

Leis an athrú atá beartaithe ar Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa féachtar le cúnamh tithíochta do phobail imeallaithe a cheadú agus a éascú sna Ballstáit nua nuair nach féidir feidhm a bheith ag na forálacha reatha. I ngeall ar an gcastacht a bhaineann leis an gcúnamh a thabhairt, tá sé tábhachtach go ngníomhaíonn na hÚdaráis Náisiúnta trí chur chuige comhtháite a úsáid.

Ina theannta sin, ar mhaithe le simplíocht, moltar mionathruithe a dhéanamh ar an bhforáil atá ann cheana.

- **Bonn dlíthiúil**

Déantar na coinníollacha cáilitheachta is infheidhme maidir leis an earnáil tithíochta sna Ballstáit nua a shainmhíniú in Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Comhlíontar leis an togra SEO prionsabal na coimhdeachta sa mhéid is go leathnaítear na féidearthachtaí atá ann do na Ballstáit nua tacaíocht a chur ar fáil do chúnamh tithíochta do phobail imeallaithe sa bhealach is iomchuí dar leo féin, agus an cur chuige comhtháite á choinneáil mar choinníoll íosta don chúnamh. Sa chaoi seo beifear in ann

cúnamh a thabhairt i mbealach ina gcuirfear san áireamh na dálaí sonracha a bhaineann le gach pobal ach ina mbainfear úsáid as modh atá coiteann den chuid is mó.

**Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíontar leis an togra seo prionsabal na comhréireachta toisc go bhfuil sé teoranta do thacaíocht CFRE amháin a cheadú san earnáil tithíochta do phobail imeallaithe agus nuair nach féidir feidhm a bheith ag na forálacha reatha. Tá an cúnamh sin teoranta do na Ballstáit sin ina bhfuil fadhb faoi láthair.

- **Rogha Ionstraimí**

An ionstraim bheartaithe: Rialachán

Tá iniúchadh déanta ag an gCoimisiún cheana féin ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an reachtaíocht reatha. Fiú leis an léiriú is solúbtha, faoi na rialacha atá ann faoi láthair, lena leagtar síos cáilitheacht theoranta, ní cheadaítear cúnamh tithíochta a thabhairt do phobail imeallaithe a bhfuil cónaí orthu lasmuigh de na limistéir uirbeacha i mBallstáit nua. Ní cheadaítear ach oiread tithe a thógáil in áit ionad dídine atá ann cheana do phobail imeallaithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit nua.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon impleacht ag an togra ar bhuiséad an Chomhphobail.

Togra

2009/0105 (COD)

**RIALACHÁN (CE) Uimh. .../2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a mhéid is a bhaineann le cáilitheacht an chúnaimh tithíochta do phobail imeallaithe**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 162 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[5],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[7],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) D'fhonn comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta an Chomhphobail a threisiú, is gá tacú le cúnamh teoranta lena bhfuil sé beartaithe athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá tógtha cheana agus a úsáidtear chun críocha tithíochta i mBallstáit a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin. Is féidir an cúnamh sin a thabhairt faoi na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1783/1999[8].

(2) Táthar chun caiteachas a chlárú faoi chuimsiú oibríochta comhtháite um fhorbairt uirbeach nó faoi chuimsiú aise tosaíochta do limistéir a mbaineann meath fisiceach agus eisiamh sóisialta leo nó atá i mbaol meatha agus eisiaimh den sórt sin. Is ceart, ar mhaithe le soiléireacht, na coinníollacha faoinar féidir cúnamh tithíochta a thabhairt i limistéir uirbeacha a shimpliú. Is ceart, ar an ábhar sin, caiteachas ar chúnamh tithíochta a chlárú ach paraiméadair éagsúla, is cuma cén fhoinse maoinithe atá i

[5] IO C […], […], lch […].
[6] IO C […], […], lch […].
[7] IO C […], […], lch […].
[8] IO L 210, 31.7.2006, lch 1.

gceist, a chur san áireamh. Is ceart a shonrú, freisin, nach bhfuil ach caiteachas ar chúnamh a bhaineann le foirgnimh atá tógtha cheana incháilithe.

(3) Tá cónaí ar a lán pobal imeallaithe lasmuigh de limistéir uirbeacha freisin sna Ballstáit a bhfuil feidhm ag Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir leo. Is gá, ar an ábhar sin, na pobail sin a bhfuil cónaí orthu i limistéir thuaithe a chuimsiú do cháilitheacht an chaiteachais ar chúnamh tithíochta.

(4) Bíodh na pobail sin lonnaithe i limistéir uirbeacha nó i limistéir thuaithe, is ceart an caiteachas a bhaineann le tithe nua a thógáil in ionad na dtithe atá tógtha cheana a bheith incháilithe chomh maith de bharr fhíor dhrochchaighdeán a mbail tithíochta.

(5) I gcomhréir le Prionsabal 2 de na Comhphrionsabail Bhunúsacha maidir le Cuimsiú na Romach a d'athdhearbhaigh an Chomhairle ina conclúidí ar Chuimsiú na Romach an 8 Meitheamh 2009, ní ceart daoine eile a mbaineann cúinsí socheacnamaíocha comhchosúla leo a fhágáil as an áireamh agus cúnamh tithíochta atá dírithe ar ghrúpa ar leith á thabhairt.

(6) I gcomhréir le Prionsabal 1 de na Comhphrionsabail Bhunúsacha sin, d'fhonn an baol a bhaineann le deighilt a theorannú, is ceart cúnamh tithíochta do phobail imeallaithe a thabhairt faoi chur chuige comhtháite, lena n-áirítear gníomhaíochtaí, go háirithe, i réimsí an oideachais, na sláinte, na ngnóthaí sóisialta, na fostaíochta agus na slándála.

(7) Faoin gcreat rialúcháin reatha, áfach, is faoi réir próisis shimplithe atá na critéir maidir le limistéir a roghnú i gcomhair cúnaimh tithíochta. Maidir le héagsúlacht chúrsaí tithíochta sna Ballstáit, is ceart do na Ballstáit na critéir sin a shainmhíniú iad féin faoi seach. Ní ceart, ar an ábhar sin, é a bheith d'oibleagáid ar an gCoimisiún na critéir sin a ghlacadh.

(8) Is ceart Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006:

“2. "Is iad na Ballstáit a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin, agus na Ballstáit sin amháin, a bheidh i dteideal caiteachais ar thithíocht, ach amháin caiteachas ar éifeachtacht fuinnimh agus ar úsáid fuinnimh in-athnuaite mar a leagtar amach i mír 1a, i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) clárófar caiteachas faoi cheann amháin de na réimeanna seo a leanas:

(i) cur chuige comhtháite um fhorbairt uirbeach do limistéir a mbaineann meath fisiceach agus eisiamh sóisialta leo nó atá i mbaol meatha agus eisiaimh den sórt sin;

(ii) cur chuige comhtháite do phobail imeallaithe.

(b) Is uasmhéid 3% den chionnroinnt CFRE do na cláir oibríochtúla lena mbaineann nó 2% den chionnroinnt iomlán CFRE a bheidh sa chionnroinnt do chaiteachas tithíochta.

Chun críocha phointe (a)(i) den chéad fhomhír, beidh an caiteachas teoranta do cheann amháin den dá chineál cúnaimh seo a leanas:

- na codanna comhchoiteanna i dtithíocht il-teaghlach atá tógtha cheana a athchóiriú,

- foirgnimh atá tógtha cheana agus atá faoi úinéireacht údarás poiblí nó oibreoirí neamhbhrabúsacha a athchóiriú nó an úsáid a bhaintear astu a athrú chun go mbeidh siad ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal nó do dhaoine le riachtanais speisialta mar thithíocht.

Chun críocha phointe (a)(ii) den chéad fhomhír, is féidir tithe nua a thógtar in ionad tithe atá tógtha cheana a áireamh mar chúnamh.

Is féidir leis an gCoimisiún liosta a ghlacadh de na critéir is gá chun na limistéir dá dtagraítear faoi phointe (a)(i) den chéad fhomhír a chinneadh mar aon le liosta de na cineálacha cúnaimh atá incháilithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 103(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
*[…]*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[…]*